Údarás Radio Telefís Éireann

Seo é an dara Tuarascáil is daichead, mar aon le Ráiteas na gCuntas don 12 mhí dár chríoch 31 Nollaig 2002, a cuireadh faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha faoi réir altanna a 25 agus 26 den Acht Craolacháin, 1960.

RTÉ

Tuiscint Fócas Freagairt

Radio Telefís Éireann Tuarascáil Bhliantúil 2002

Ráiteas an Chathaoirligh	3
An tÚdarás	6
Athbhreithniú bliantúil an Phríomh-Stiúrthóra	9
An Bord Feidhmeannais	13
Gearrthuairiscí staitistice	15
Gradaim	18
Eolas airgeadais	20
Achoimre staidreamh airgeadais cúig bliana	50



Léiríonn an ardráchairt agus na mórscaireanna éisteachta agus féachana go n-aithníonn an pobal saintréithe feabhais RTÉ

Tuiscint

Tugann RTÉ muintir na hÉireann le chéile don spórt, do shiamsaíocht, don nuacht agus do cheiliúradh – ár scéalta féin á n-insint agus á gcloisint

Ráiteas an Chathaoirligh

Ó thaobh RTÉ de, bhain scata dúshlán le 2002, bliain athraithe, bliain chlaochlaithe.

Tharla athrú suaithinseach do RTÉ sna sála ar Olltoghchán Bhealtaine 2002 nuair a cuireadh an fhreagracht as cúrsaí craolacháin ar an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha seachas an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán. Go luath tar éis a cheaptha ina Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, tugadh tuarascáil an Fhóraim um Chraolachán ar láimh dó – fóram ar fháiltigh mé roimh a bhunú i dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite. San am sin leis, chuir mé in iúl go gcomhlánódh plean straitéiseach RTÉ don tréimhse 2002–2005 aighneacht an eagrais don Fhóram. Creidim gur chabhraigh an dá cháipéis sin le tacaíocht thréan an Fhóraim do ról RTÉ mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí na hÉireann agus don ghá atá leis go mbeadh siúráil le leormhaoiniú poiblí ag an eagras. Os a choinne sin, bhí tábhacht do RTÉ le Tuarascáil an Fhóraim san ullmhúchán ar an aighneacht a réitíodh faoi bhráid ardú ar an táille cheadúnais, mí na Samhna 2002

Rianaíodh san aighneacht mar atá faoi RTÉ friothál ar a bhfuil ón lucht éisteachta agus san am chéanna plean uaillmhianach straitéiseach a fheidhmiú a réitíodh chun fíor-fhorás agus inmharthanacht airgeadais a bhaint amach agus a choimeád. Gealladh a thuilleadh don lucht éisteachta san aighneacht agus táthar ag déanamh dá réir. Chinn RTÉ go bhfoilseofaí Ráiteas Geallúintí gach bliain, cuir i gcás, ina saineofaí na feabhsuithe a chuirfí ar sheirbhísí – méadú ar líon na gclár baile, mar shampla – ar gach cainéal ar leith. Bhí slata tomhais a bhaineann le cainníocht agus mianach i Ráiteas Geallúintí 2003 a scaipeadh go forleathan agus feicfidh an lucht éisteachta mar atá ag éirí linn. Sa tslí chéanna, foilsíodh Cód do Chleachtas Cóir Trádála agus beidh Comhairle Lucht Éisteachta, fochoiste comhairleach den Údarás, ag feidhmiú faoi lár 2003. Moladh dréacht do Chairt Chraolachán Seirbhíse Poiblí san aighneacht chomh maith agus tá súil ag RTÉ go bhfógróidh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha Cairt tar éis phróisis phoiblí chomhairliúcháin.

Mí na Nollag 2002, d'fháiltigh an tÚdarás roimh chinní an Rialtais ar an iarratas i leith na táille ceadúnais a d'fhógair an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.
Bhí méadú €43 i gceist ar an táille cheadúnais bhliantúil, deireadh leis an gceadúnas dubh is bán, meicníocht le méadú bliantúil ar an táille a iarraidh, athbhreithniú cúig bliana ar an táille agus geallúint go ndéanfaí moltaí faoi tháille cheadúnais teilifíse thráchtála.

Ba chuid den chinneadh seo, chomh maith, ciste craolacháin ar leith a bhunú ina gcuirfí 5% den táille mhéadaithe. Beidh craoltóirí uile saor-go-haer na tíre in ann airgead a lorg mar thaca le léiriú clár dúchais níos nuálaí nó níos fearr agus le cartlannú digiteach a dhéanamh ar an aschur. Beidh moltaí á gcur ar aghaidh ag RTÉ, le linn 2003 agus sna blianta romhainn, lena meas faoi théarmaí an chiste seo.

D'fhógair an Rialtas freisin go bhfuil sé i gceist RTÉ, atá ina chorparáid reachtúil faoi láthair, a bhunú mar chuideachta thráchtála leathstáit, cláraithe faoi fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí. Tá aighneachtaí á ndéanamh ag an Údarás

Ráiteas an Chathaoirligh

leis an Aire i dtaobh an mholta seo d'fhonn a chinntiú go gcosnófar neamhspleáchas eagarthóireachta agus eagraíochta RTÉ in aon reachtaíocht a réiteofar.

Le plean straitéiseach 2002–2005, ar ghlac an tÚdarás leis, tá laghduithe breise costais agus laghdú suas le 150 duine sa líon foirne i gceist agus Aonaid Ghnó Comhtháite (AGCanna) le cruthú do Theilifís, Raidió, Nuacht, Foilsitheoireacht, Gréasán agus Grúpaí Oirfide. Dílárófar gníomhaíochtaí agus pearsanra ón lár corparáideach le bunú na nAGCanna – i réimsí mar Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht, Díolacháin agus Margaíocht, Airgeadas agus Cumarsáid. Beidh de thoradh ar an obair seo, a chríochnófar i 2003, go mbeidh an t-eagras níos seinge agus níos éifeachtaí ó thaobh na gcostas chun dul i ngleic le riachtanais agus cúinsí a bhíonn ag síorathrú.

Léiríonn torthaí airgeadais 2002 easnamh foriomlán grúpa €56.0m, a mbaineann €35.4m de le muirir eisceachtúla neamhoibríochta, le glaneasnamh €20.6m dá réir ag teacht as gníomhaíochtaí oibríochta. Bhí glanlaghdú 480 duine sa líon foirne beartaithe sa dá chlár laghdaithe foirne a tionscnaíodh sa tréimhse 2001 – 2002 agus sáraíodh an líon seo de bheagán i dtéarmaí réadacha. Ina theannta sin, áfach, athrangaíodh 55 duine a d'oibríodh cheana agus a cuntasaíodh mar chonraitheoirí neamhspleácha do RTÉ i gclónna éagsúla agus aithnítear anois iad, don chéad uair, mar bhaill foirne agus áirítear iad i gcostais agus in uimhreacha an phárolla. Dá réir sin ba é 1,747 an líon foirne foriomlán faoin 31 Nollaig 2002, gan Seirbhísí Theilifís na Gaeilge a áireamh, glanlaghdú 439 i gcomórtas leis an líon foirne a bhí fostaithe faoin 31 Nollaig 1999.

Ba mhaith an scéal ardú tháille an cheadúnais agus feidhmiú an phlean straitéisigh ach, fós, lean na brúnna airgeadais ar RTÉ i 2003 – mar thoradh ar thitim dhomhanda i margadh na fógraíochta de dheasca na gcúinsí eacnamaíochta, géaraithe ag an éiginnteacht a eascraíonn cuid mhór as an gcogadh san laráic. Is deacair a thuar conas a athróidh seo i rith na bliana ach is léir, faoi dheireadh an chéad ráithe, go mbeidh tionchar diúltach nach beag i gceist. Tá caiteachas lánroghnach fógraíochta curtha ar athló – nó ar ceal i mórán cásanna – agus, cé go bhfuil dea-chuma ar tháscairí dearfa áirithe, is deacair a shamhlú go dtiocfaidh siad chun blátha ar fad i 2003.

Tá bagairt úr tagtha chun cinn le fógairt na straitéise nua ag an BBC i leith na teilifíse digití a sholáthródh seirbhís neamh–incriptithe saor-go-haer a bheadh ar fáil ar fud na hÉireann chomh maith. B'fhéidir go mbeadh cosc ar RTÉ na seirbhísí a chur ar an ardán nua seo, de bharr srianta cearta craolacháin, agus seans go gcaithfeadh seirbhísí RTÉ ar ardáin saitilíte, a bheith incriptithe i gcónaí. Éiríonn ceisteanna móra ón bhforbairt seo d'Éirinn maidir le flaithiúnas craolacháin agus do chraoltóirí na tíre ach go háirithe agus b'fhéidir gur ghá idirghabháil an Rialtais agus/nó an AE chun cothroime a chinntiú.

Nuair a chuirtear é seo go léir san áireamh, agus neart úr faighte as an méadú a ceadaíodh ar tháille an cheadúnais, mí na Nollag 2002, tá breis muiníne in RTÉ as a bhfuil romhainn. Ní in aisce a fhaightear iolrachas agus ilchineálacht sa chraolachán agus cuirfidh maoiniú poiblí cinnte ar chumas RTÉ tacú le luacha daonlathacha, cuimsiú sóisialta agus friotal

Ráiteas an Chathaoirligh

cultúrtha sa Chraolachán Seirbhíse Poiblí. Tá an-tacaíocht tugtha ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha do RTÉ agus don chúram atá ar an eagras i leith Chraolachán Seirbhíse Poiblí; táthar an-bhuíoch de as géarchúis a léargas.

Molaim buaine agus dúthracht an Údaráis, an Fheidhmeannais agus na foirne in RTÉ i leith idéil Chraolachán Seirbhíse Poiblí. Thar aon ní eile, is mian liom buíochas RTÉ a chur in iúl don lucht éisteachta, na páirtithe leasmhara is suaithinsí, as a ndílseacht atá le haithint ar na cairteanna ráchairte agus ar shlata tomhais eile a bhaineann le cainníocht agus le mianach. Tá RTÉ meáite ar an ngaol seo a láidriú i rith na bliana atá chugainn: beidh tús áite ag an lucht éisteachta i gcónaí.

Léiríonn an cháipéis seo eagras atá ag athrú. Beidh Tuarascála 2003 agus blianta eile romhainn éagsúil ar fad. Tar éis infheistíocht shuaithinseach sa bhonneagar agus i bpearsanra, tá RTÉ ag cloí le córas cuntasaíochta níos oscailte agus níos trédhearcaí agus foilseofar faisnéis airgeadais níos mine ina mbeidh, mar shampla, sonraí aigeadais ar leith do na seirbhísí craolacháin ar leith. Tabharfar mionsonraí sa Tuarascáil Bhliantúil chomh maith ar fheidhmiú leanúnach na ngeallúintí a tugadh agus cuirfear an fíorluach a fhaightear ó mhaoiniú poiblí agus ó scothchleachtadh an rialúcháin chorparáidigh ag RTÉ ar a súile do na páirtithe leasmhara go léir.

Patrick J. Wright

Cathaoirleach
Patrick J. Wright

Stiúrthóir ar Ghrúpa Anglo-Irish Bank, Cathaoirleach ar Aon MacDonagh Boland Group Ltd.

SN | SP | RM | FR
Freastal **13**

An tÚdarás

Bhí trí chruinniú déag ar fad ann le linn 2002

SP *Ball d'Fhochoiste Feidhmithe an Phlean Straitéisigh*
RM *Ball den Fhochoiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair*
SN *Ball d'Fhochoiste Dhíol an Ghréasáin*
P *Ball d'Fhochoiste na gClár*
A *Ball den Choiste Iniúchóireachta*
FR *Ball den Fhochoiste Airgeadais agus Ioncaim*

Joe Barry

Iar-Phríomh-Stiúrthóir RTÉ agus Gobharnóir ar an Dánlann Náisiúnta

SN | A | FR
Freastal **12**

Anne Doyle

Ball foirne agus Léitheoir Nuachta le RTÉ

FR
Freastal **11**

Des Geraghty

Ard-Uachtarán SIPTU

SN | RM | FR
Freastal **7***

Maura Hayes

Aturnae

P
Freastal **10**

*Nóta:

Tháinig deireadh ar an mbonn le ballraíocht Des Geraghty ar Údarás RTÉ, 22 Meitheamh 2002, nuair a deimhníodh a iarrthóireacht do shuíochán i Seanas Éireann.
D'athcheap an Rialtas é ar an Údarás le feidhm ón 22 Deireadh Fómhair 2002.

Garry Hynes

Stiúrthóir Ealaíne,
Amharclann Druid

SN | SP | P
Freastal **10**



Paddy Marron

Iar-Phríomhfheidhmeannach,
Nestlé Ireland

SN | SP | A | P
Freastal **11**



Stephen O'Byrnes

Comhairleoir Gnó

SP | A | P
Freastal **12**

Mary Peters

Iar-bean ghnó
agus buaiteoir boinn óir
sna hOilimpeacha

RM
Freastal **8**

Faireann 1.8 milliún duine fásta ar theilifís RTÉ gach aon lá
*- 380,000 is tuilleadh sa bhreis ar líon na ndaoine a léann na nuachtáin mhaidine uile **

Fócas

Tá fócas RTÉ ar an bpríomhaidhm i gcónaí
– seirbhís náisiúnta chraolacháin ar ardchaighdeán a sholáthar



**(Foinse: JNRR 2001/2002)*

Athbhreithniú bliantúil an Phríomh-Stiúrthóra

Ní áibhéil a rá go raibh 2002 ar cheann de na blianta ba chinniúnaí riamh ag RTÉ. Bhí an-fhaitíos i gceist i dtosach nuair a gearradh siar ar bhuiséid agus nuair a deineadh laghduithe riachtanacha ar an líon foirne sa bhreis ar a raibh ag tarlú cheana faoin gclár Claochlaithe. D'eascair laghduithe suaithinseacha as na ciorruithe seo ar an tacaíocht airgeadais agus acmhainní a bhí ar fáil do dhéanamh clár. Ní raibh siad gan a dtionchar a imirt ar an seirbhís agus, go háirithe sa teilifís, ba thrua mar a chuaigh siad i bhfeidhm ar raon na gcraolta a bhí ar fáil don lucht éisteachta. Bhí cuma an pharadacsa air seo ach ní raibh dul uaidh mar nach raibh aon rogha eile ann ach seirbhís amháin a chur ar ceal ar fad. Bhí an tÚdarás agus an Bord Feidhmeannais ar aonintinn go mbeadh sé seo doshamhlaithe; ba é croí-aidhm pholasaí RTÉ i rith na géarchéime airgeadais go gcoimeádfaí an raon iomlán seirbhísí atá á thairiscint don lucht éisteachta faoi láthair – sa chraolachán agus trí na Grúpaí Oirfide – agus go bhforbrófaí iad ar ball. Ba é seo leis an cuspóir, follasach agus intuigthe, ina raibh le rá ag Rialtas an ama, mí Iúil 2001. Níor dhócha go n-athbhunófaí aon seirbhís a chealófaí nó a tharraingeofaí siar agus is é an lucht éisteachta ach go háirithe a bheadh thíos go buan lena leithéid.

Ba é seo cúlra an chlaochlaithe nuair a bunaíodh an Fóram um Chraolachán agus nuair a tosaíodh ar an obair. Bhí a leithéid molta ag RTÉ i bhfómhar 2001 mar go raibh sé san am plé a dhéanamh ar an gcraolachán le tuiscint ar na ceisteanna casta go léir agus a dtábhacht d'iomlán na ndaoine mar aon leis na leasa éagsúla uile i measc an lucht éisteachta. I dTuarascáil Bhliantúil 2001, a scríobhadh nuair a bhí an Fóram á fhógairt, bhí an méid seo agam – "Ó thaobh an Fhóraim de, tá RTÉ muiníneach go n-aontóidh speictream ionadaíoch guthanna leis na hargóintí ar son craolacháin phoiblí agus leis an maoiniú is gá chuige sin." Ní raibh an dóchas agus an mhuinín sin as áit.

Aithníodh láithreach gur dhream rídháiríre a bhí san Fhóram, ina chomhdhéanamh agus sa tslí a cuireadh chun oibre, agus go mbeadh tionchar bunúsach aige. Níor tugadh buíon saoránach le chéile ó 1974 i leith chun tuairim mheáite a thabhairt maidir le todhchaí an chraolacháin. Seachas Páipéar Glas 1995 níor eisíodh aon ráiteas neamhreachtúil eile ar pholasaí craolacháin idir an dá linn.

Sholáthraigh RTÉ freagra cuimsitheach ar chuireadh an Fhóraim a smaointe a chur in iúl. Ba iad príomh-eilimintí aighneacht RTÉ lárnacht an chraolacháin do shaol comhaimseartha na tíre; an lucht éisteachta a bheith i dteideal seirbhíse le doimhneacht agus ar chaighdeán a thagann le hiomlán a raon spéiseanna; tréithe ar leith a bheith ag craolachán poiblí agus an gá atá le treisiú na seirbhíse mar ghné bhuan de pholasaí cumarsáide na tíre. Cuireadh béim freisin san aighneacht ar thábhacht an mhaoinithe phoiblí chuige sin agus mar bhunráthóir ar leas an phobail mar aon lena riachtanaí atá próiseas trédhearcach oscailte freagrachta don lucht éisteachta maidir le caitheamh an mhaoinithe phoiblí. Chraol RTÉ seisiún poiblí den Fhóram, a tionóladh san Ospidéal Ríoga i gCill Mhaighneann, beo ar raidió agus bhí clár speisialta mar gheall air ar an teilifís.

Cáipéis ríthábhachtach a bhí i dTuarascáil an Fhóraim agus mairfidh a tionchar. Ó thaobh RTÉ de, tugadh taca agus a

Athbhreithniú bliantúil an Phríomh-Stiúrthóra

chomh-mhaith de dhúshlán. Ba thaca é an bhéim a cuireadh ar fhiúntas agus ar thábhacht Chraolachán Seirbhíse Poiblí, coincheap ar shamhlaigh daoine áirithe go raibh sé faiseanta beag is fiú a dhéanamh de; an t-aitheantas agus an dearbhú ar ról RTÉ mar chraoltóir poiblí náisiúnta; an treisiú ar tábhacht na táille ceadúnais mar chroí-eilimint i maoiniú RTÉ; an t-áiteamh, gan fiacail a chur ann, gur gá praghas réadúil a bheith ar cheadúnas agus a luach a chosaint ar chreimeadh. Tugadh na dúshláin nuair a beachtaíodh na héilimh a dhéantar ar chraoltóir poiblí i saol an lae inniu, an lochtú a cuireadh in iúl in aighneachtaí áirithe, an bhéim a leagadh ar fheabhas agus ar raon na seirbhísí clár a thairgtear don phobal mar aon leis an gcreatlach freagrachta agus rialacháin a rianaíodh a bheidh ina ualach thar meán i gcás RTÉ.

Cé go dtáinig an Fóram cuid mhór leis an gcur chuige a bhí i gceist in aighneacht RTÉ, agus scata de ghnéithe na socruithe freagrachta san áireamh, moladh nithe áirithe agus athruithe struchtúir, gan amhras, nach raibh RTÉ rógheal orthu. Glacfaimid páirt chomh hiomlán agus is féidir sa phlé ar an gcruth cruinn a chuirfear ar an reachtaíocht riachtanach.

Mar chuid den phróiseas dá dtagraíos ar dtús, chuir an Bord Feidhmeannais moltaí faoi bhráid an Údaráis, mí na Nollag 2001, le hoibríocht eagraíochta agus struchtúrtha RTÉ a athrú ó bhonn. Fuarthas cúnamh ó chomhairleoirí seachtracha, chuathas i mbun athbhreithnithe straitéisigh agus cuireadh na torthaí deireanacha faoi bhráid an Údaráis i lár na bliana. Bhí cuid mhór de mholtaí mhí na Nollag sa tuarascáil agus a thuilleadh lena gcois. Glacadh tríd is tríd leis na conclúidí seo a chiallaigh go laghdófaí arís ar líon na bhfostaithe agus, faoi mar a luadh i dtuairisc an Chathaoirligh, ba ghné riachtanach a bhí anseo den phróiseas a thug ar an Rialtas a chinneadh go méadófaí an táille cheadúnais.

Bhí toradh airgeadais na bliana atá faoi mheas mar a bhí á thuar againn i dtosach 2002. Lasmuigh de mhíreanna eisceachtúla, a bhain roinnt mhaith le clár athstruchtúraithe agus laghduithe foirne dá réir, bhí easnamh €20.6m ann. Tháinig na laghduithe costais a deineadh faoi dheireadh 2001 i bhfeidhm go hiomlán agus bhí caiteachas na bliana faoi bhun an chaiteachais don bhliain roimhe sin. Tá dóchas úr againn ag díriú ar an mbliain reatha ó cinneadh ar mhéadú tháille an cheadúnais agus tá farasbarr beag tuartha againn cé go mbeidh sé deacair é a bhaint amach de bharr chúinsí deacra thosach 2003.

Ainneoin gur bhain cuid mhór deacrachtaí le 2002, ba bhliain í ar deineadh éachtaí ó thaobh na gclár. 40 bliain is Oíche Chinn Bhliana 2001 is ea a tionscnaíodh an tseirbhís teilifíse. Craoladh cláir speisialta le linn 2002 mar chomóradh ar an ócáid shuaithinseach úd agus tugadh deiseanna don lucht éisteachta réimse de chláir a bhí sna sceidil i rith na mblianta a thabhairt chun cuimhne. Breithníodh, freisin, an tionchar a bhí ag an teilifís, ó thráth a bunaithe, ar fhorbairt shochaí na tíre. Idir é sin agus an comóradh 75 bliain a deineadh ar an raidió i 2001, ba thréan an ráiteas é ar pháirtíocht lárnach RTÉ i saol agus i bhforás an Stáit. Beidh dúthracht agus seasmhacht na nglúnta de lucht déanta clár, ar cuí dúinn comóradh a dhéanamh orthu, ina ábhar spreagtha i gcónaí acu siúd a thiocfaidh ina ndiaidh. Ba chlochmhíle eile i stair an chraolacháin cothrom 30 bliain bhunú Raidió na Gaeltachta.

Athbhreithniú bliantúil an Phríomh-Stiúrthóra

Ceiliúradh an ócáid le sraith de chláir speisialta agus le hócáidí cultúrtha.

Bíonn gá le scil agus íogaireacht ar leith sa chlúdach craolacháin ar Olltoghcháin agus ar Reifrinn. Bhí dúshláin sa dá chás i 2002 le hOlltoghchán sa Bhealtaine agus an dara Reifreann ar Chonradh Nice, mí na Samhna. Clúdaíodh iad araon go hiomlán agus bhí teacht ag an lucht éisteachta ar raon iomlán na dtuairimí mar aon le faisnéis chuimsitheach ar na ceisteanna go léir ar a mbunóidís a rogha dhaonlathach. Tionscnaíodh vótáil leictreonach don chéad uair san Olltoghchán agus leathnaíodh an vótáil sin go toghlaigh bhreise don Reifreann. Má chuirtear an polasaí fógartha i bhfeidhm, is dealraitheach go mbeidh vótáil leictreonach ar fud an Stáit don chéad Olltoghchán eile. Tá an-seans ann gurb é toghchán 2002 an toghchán deiridh a mbeidh torthaí á dtabhairt faoi bhráid an lucht éisteachta le craolta fada raidió agus teilifíse (suas le seacht n-uaire an chloig déag ar an gcéad lá agus ocht n-uaire an chloig ar an dara lá) a thug léargas beo bríomhar don phobal ar an daonlathas feidhmeach, go háirithe ó na 1960idí i leith.

Mheall na sceidil clár lucht éisteachta an-bhreá ainneoin go raibh raon na roghanna ag leathnú i gcónaí. Bíonn ábhar iontu ar ndóigh a bhaineann go dlúth le saol an lucht éisteachta. Léiríonn an tsraith teilifíse "No Tears" go binn cumas na drámaíochta mar mheán chun léargas a thabhairt ar ócáidí tábhachtacha i measc an chomhluadair. Ar an gcuma chéanna dhein na sraitheanna raidió ar Shláinte agus, níos moille, ar Dhrugaí cuid mhór chun cur le tuiscint an phobail ar cheisteanna tábhachtacha. D'éirigh le 2fm, i gcoinne géariomaíochta, a shainchaidreamh lena lucht éisteachta a choimeád. Léirigh a roghnú do Ghradam PPI mar Scothstáisiún Náisiúnta Raidió na Bliana mar atá a ionad féin ar leith sa timpeallacht chraolacháin á dhaingniú i gcónaí ag Lyric fm. Tá tuairisc in áit eile sa tuarascáil seo ar an aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta a thuill cláir agus foireann RTÉ ach is cuí go ndéanfainn tagairt don Prix Italia a bronnadh ar Radio One as an gclár "Voicejazz" agus do na gradaim éagsúla a bronnadh ar chlár faisnéise an tSeomra Nuachta "September 11th – Stories from the Twin Towers".

Tugadh áit shuaithinseach do chúrsaí spóirt arís agus bhíothas an-tógtha leis an gclúdach ar pháirtíocht fhoireann na hÉireann i gCorn Domhanda an tSacair sa Chóiré agus sa tSeapáin. Cuireadh raon iomlán chluichí CLG faoi bhráid an lucht éisteachta trí feidhm a bhaint as áiseanna Network 2, TG4, Radio One agus Raidió na Gaeltachta. Craoladh an tsraith idirnáisiúnta leis an Astráil beo chomh maith. Le linn na bliana tháinig cearta spóirt chun cinn mar ábhar beo díospóireachta agus imní i measc an phobail agus d'fháiltigh RTÉ roimh nuabheartais an Rialtais sa réimse seo.

Ba thrua go dtáinig deireadh le Tara Television ar chúiseanna a bhí go huile as raon smachta RTÉ. Táimid ag breithniú slite i gcónaí ina mb'fhéidir ár gcuid clár a chur ar fáil do lucht féachana sa Bhreatain in athuair. Tá teacht ag síntiúsóirí BSkyB a mhaireann sa Bhreatain ar cheithre sheirbhís raidió RTÉ. Tháinig deireadh le seirbhís Atlantic 252 chomh maith céanna, cinneadh a ghlac cuideachta Bhriotanach a cheannaigh an t-ochtó faoin gcéad de na scaireanna a bhí cheana ag an gcraoltóir Lucsamburgach CLT. Tháinig de

Athbhreithniú bliantúil an Phríomh-Stiúrthóra

mhaith as sin, tar éis gur theip ar an seirbhís ionadach, Teamtalk, gur cheannaigh RTÉ na sócmhainní craolacháin uile agus an bonneagar a bhaineann leis an minicíocht fhadtoinne sa tslí go mbeidh an mhinicíocht ar fáil d'aidhmeanna seirbhíse poiblí agus le leas na n-éisteoirí ar oileán na hÉireann agus sa Bhreatain.

Má ba ghá a léiriú arís a thábhachtaí atá sé guth Éireannach a chloisteáil i dtuairisciú ar ghnóthaí idirnáisiúnta, baineann ballraíocht na hÉireann ar an gComhairle Shlándála i rith 2002 go mór le hábhar. Clúdaíodh go hiomlán na himeachtaí casta a bhain leis an laráic, clár cigireachta na n-arm, na díospóireachtaí miona ag na Náisiúin Aontaithe agus an dóchúlacht a threisigh go dtiocfadh cogadh. Cé gur thosaigh an cogadh tar éis dheireadh na bliana atá faoi mheas, níor cheart gan clúdach an chogaidh sin a bhreithniú. Soláthraíodh peirspictíocht eolgaiseach neamhspleách neamhchlaonta ar na himeachtaí coscracha úd le tuairisceoirí lonnaithe ag RTÉ i mBaghdad, i dtuaisceart na hlaráice, sa Chuáit, san Iordáin agus in Iarúsailéim mar aon lenár láithreacht i Washington agus i Londain. Tá na foinsí faisnéise ar fud an domhain ag druidim i dtreo a chéile agus feictear leasa éagsúla ag teacht thar a chéile go minic ach is barántas é an guth Éireannach ar leith don lucht éisteachta go mbeidh caighdeán ar leith ag baint lena nuacht.

Mar fhocal scoir, is mian liom a rá gur bhreá liom go gcuirfeadh cinneadh an Rialtais i dtaca leis an táille cheadúnais, feidhmiú na ngeallúintí a thug RTÉ san aighneacht a deineadh roimhe agus feidhmiú chéim dheireanach an athstruchtúraithe eagraíochta ar ár gcumas féachaint romhainn le muinín. Cé gur gá dúinn athbhreithniú a dhéanamh arís is arís eile ar a bhfuil ar siúl againn agus ar an gcuma a dheinimid é, agus cé go bhfuil éiginnteacht faoi chúinsí eacnamaíochta na bliana seo, fós féin is é an bundualgas atá orainn seirbhís ardchaighdeáin, ar a bhfuil blas Éireannach ar leith agus a fhreagraíonn dá riachtanais agus dá leasa, a sholáthar don lucht éisteachta. Geallaimid go ndéanfaimid é sin. Cuireann an chinnteacht bhreise maidir le maoiniú poiblí ar ár gcumas tabhairt faoin gcúram le fuinneamh úr.

Bob Collins

An Bord Feidhmeannais 2003



Bob Collins

Príomh-Stiúrthóir



Liam Miller

Stiúrthóir Bainistíochta
Eagrúcháin agus Forbartha

Cathal Goan

Stiúrthóir Bainistíochta
na Teilifíse

Conor Hayes

Príomh-Oifigeach Airgeadais



Adrian Moynes

Stiúrthóir Bainistíochta Raidió

Ed Mulhall

Stiúrthóir Bainistíochta Nuachta



Geraldine O'Leary

Stiúrthóir Bainistíochta
Díolachán agus Margaíochta



Bride Rosney

Stiúrthóir Cumarsáide

Tá an craoltóir seirbhíse poiblí ag croílár an chomhphlé agus é ina lárionad do chuid mhór den chaibidil phoiblí

Freagairt

Freagraíonn RTÉ do dhúshláin shóisialta, eagarthóireachta, chruthaíochta agus theicniúla le siúráil agus le fuinneamh

Gearrthuairiscí staitistice

Scair Theilifíse 2002 – Daoine Aonair feadh an lae



Nuacht

As an bpobal a bhí 4+ bliana d'aois i 2002,

bhí meán-lucht féachana 416,000 (Scair, 44%) go náisiúnta ag Six One News

bhí meán-lucht féachana 521,000 (Scair, 40%) go náisiúnta ag an Nine O'Clock News

Foinse:
Nielsen Media Research, Eanáir - Nollaig 2002

Anailís ar ábhar Theilifís RTÉ

Léiriúcháin bhaile (Inmheánach nó Aonad na Léiriúchán Neamhspleách – ALN) *Foinse: Teilifís RTÉ*



Léiriúcháin bhaile a bhí in 56% den chraoladh buaicama ar RTÉ One



Léiriúcháin bhaile a bhí in 25% nach mór den chraoladh buaicama ar Network 2



Idir an dá chainéal, léiriúcháin bhaile a bhí in 40% den chraoladh buaicama

Nóta
Buaicam: 18.00-23.29

- Léiriúcháin bhaile
- Ceannaithe
- Eile: Fógraí, Réamhfhógraí, Míreanna Láithreachais

Fotheidealú ar na Cainéil éagsúla



Anailís ar Fhotheidealú Buaicama ar na cainéil éagsúla

Foinsí na nUaireanta Fotheidealaithe







Bíonn fotheidil le 50% geall leis de na cláir bhuaicama uile ar Theilifís RTÉ
Léiriúcháin bhaile — Ceannaithe

RTÉ

Gearrthuairiscí staitistice

Scaireanna an Mhargaidh Náisiúnta: Éisteacht Raidió 7am-7pm

Eanáir-Nollaig 2000-2002, meán Luan-Aoine, daoine fásta 15+ bliana

Foinsí: JNLR/MRBI

Freastal ar Ghrúpaí Oirfide RTÉ

Ceoláras Náisiúnta agus Helix



Scair Léitheoireachta Mhargadh na nIrisí Tomhaltais

Foinse: JNRR



Úsáid sheirbhísí Aertel

Taighde margaidh ar Ghnásaíocht agus ar Dhearcthaí, Márta 2002



Teagmhálacha leathanaigh arlíne sa mhí ag rte.ie

Foinse: RTÉ

Áireamh ar chuairteoirí go dtí leathanach gréasáin is ea an teagmháil leathanaigh. Is tomhas caighdeánach ar thrácht ionaid ghréasáin na teagmhálacha leathanaigh

Gearrthuairiscí staitistice

Anailís Fhoireann an Ghrúpa



	2001	2002
STnaG	96	103
Gréasán *(GTTD san áireamh)*	87	63
Gnóthais Thráchtála RTÉ	91	51
ALN	13	14
RTÉ *(gan GT, ALN, Gréasán & STnaG)*	1,810	1,619
Iomlán	2,097	1,850

Anailís fhoireann an Ghrúpa bunaithe ar líon iarbhír fostaithe lán- & páirtaimseartha Ghrúpa RTÉ faoi dheireadh bliana 31 Nollaig 2002.

Anailís Inscne na Foirne



Rannóg Eolais RTÉ

Glaonna Teileafóin ar Rannóg Eolais RTÉ (Breis is 60,000 glao faighte) *Foinse: RTÉ*



Oifig na Saorála Faisnéise: iarratais ar fhaisnéis



- Ceadaíodh go hiomlán
- Ceadaíodh cuid den iarratas
- Diúltaíodh
- Láimhsíodh lasmuigh de Shaoráil Faisnéise nó tarraingíodh siar



- An gnáthphobal
- Iriseoirí
- Lucht gnó
- Polaiteoirí
- An Fhoireann
- Grúpaí Sainspéise

I 2002, d'iarr ceathrar ón bpobal go n-athbhreithneodh an Coimisiún Faisnéise láimhseáil RTÉ ar a n-iarratais i dtaca le Saoráil Faisnéise. Rialaigh an Coimisinéir in aghaidh RTÉ i gcás amháin, i gcás eile d'ordaigh an Coimisinéir do RTÉ ceann de mhórán cáipéisí a bhí á lorg a thabhairt ar láimh, deineadh comhshocrú sa tríú cás, agus sa cheathrú cás thacaigh an t-athbhreithniú le láimhseáil an iarratais ag RTÉ.

An Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin (CGC)



- Líon na ngearán ar aontaíodh leo
- Líon na ngearán ar diúltaíodh dóibh

Gradaim

Gradaim Theilifíse

Idirnáisiúnta

ACADEMY OF MOTION PICTURE ARTS AND SCIENCES
Ainmniúchán deiridh don Scoth-Ghearrscannán Beochartúin
Give Up Yer Aul Sins
Brown Bag Films do Frameworks Scheme, RTÉ,
Bord Scannán na hÉireann/Irish Film Board agus An Chomhairle Ealaíon

FÉILE HOPE AND DREAMS, NEW JERSEY
Scothchlár Faisnéise
Sept 11th - Stories from the Twin Towers
Caroline Bleahen agus Jim Fahy, RTÉ News

FÉILE SCANNÁN PENNSYLVANIA
Gradam Páirtíochta sa Bhabhta Ceannais
Sept 11th - Stories from the Twin Towers
Caroline Bleahen agus Jim Fahy, RTÉ News

FÉILE SCANNÁN WESTCHESTER, NUA-EABHRAC
Scothscannán nó Scothchlár Faisnéise Idirnáisiúnta
Sept 11th - Stories from the Twin Towers
Caroline Bleahen agus Jim Fahy, RTÉ News

AN 42Ú FÉILE TEILIFÍSE, MONTE CARLO
Gradam an Golden Nymph don Scoth-mhionsraith
No Tears
Léirithe do RTÉ ag Little Bird, le taca ó Cornet Films agus
Bord Scannán na hÉireann

GRADAIM 45Ú FÉILE NUA-EABHRAC DO CHLÁIR THEILIFÍSE
Bonn Óir an Domhain do Scothchlár Faisnéise 9/11
Sept 11th - Stories from the Twin Towers
Caroline Bleahen agus Jim Fahy, RTÉ News

AN 50Ú FÉILE SCANNÁN IDIRNÁISIÚNTA, COLUMBUS, OHIO
Teastas Tagartha Ardmheasa
Sept 11th - Stories from the Twin Towers
Caroline Bleahen agus Jim Fahy, RTÉ News

Náisiúnta

GRADAM BSL DO NA MEÁIN NÁISIÚNTA
Gnéchlár Craolta na Bliana
Dead Silence – True Lives
Adrian McCarthy, Wildfire Films do RTÉ

Sainchraoltóir na Bliana
Adrian Lydon agus **Michael Heney**
Illegal Dumping - Prime Time

Iriseoir Spóirt na Bliana
Bill O'Herlihy as láithriú Chorn an Domhain 2002

GRADAM NÁISIÚNTA IBM/STI NA HIRISEOIREACHTA TEICNIÚLA AGUS EOLAÍOCHTA
Gradam Rannóg an Chraolacháin
Mike Milotte agus **Tara Peterman**
Food For Thought agus Money to Burn - Prime Time

GRADAIM SCANNÁN AGUS TEILIFÍSE NA HÉIREANN
Scothdhráma Teilifíse
Paths To Freedom
Grand Pictures do RTÉ

Scothchlár Nuachta agus Cúrsaí Reatha
Bad Blood - True Lives
Andec Media do RTÉ

Scoth-ghnéchlár – Creideamh/Oideachas/Scolaíocht/Leanaí
Forgotten Children – Would You Believe
Léiritheoir: Kevin Cummins

Scoth-ghnéchlár – Béascna/Spórt
Breaking Ball
Setanta Television do RTÉ

Gradaim

Gradaim Raidió

Idirnáisiúnta

GRADAIM SCANNÁN AGUS TEILIFÍSE NA HÉIREANN

Scoth-bheochartún – Scannáin agus Teilifís
Give Up Yer Aul Sins
Brown Bag Films do Scéim Frameworks, RTÉ,
Bord Scannán na hÉireann/Irish Film Board agus An Chomhairle Ealaíon

Scotheagarthóireacht – Scannáin agus Teilifís
The Green Fields of Vietnam – True Lives
Ray Roantree

Scothchlár Faisnéise Aonair
Us Boys - True Lives
Igloo Films do RTÉ

Scoth-shraithchlár Faisnéise
The Ghost of Roger Casement – True Lives
Crossing The Line Films do RTÉ

Scothaisteoir i nDráma Teilifíse
Michael McElhatton
Paths To Freedom

Scoth-bhanaisteoir i nDráma Teilifíse
Susan Lynch
Any Time Now

Gradam as Gaisce Saoil
Gay Byrne

GRADAM RADHAIRC
Complex Problems: St Teresa's Gardens – Prime Time
Keelin Shanley agus Eddie Doyle

Gradam Ardmholta
Gael i gCéin: Sorcha
Joe Reddington, Nuacht TG4

GRADAM PRIX ITALIA
Aicme na gClár Ceoil
Voicejazz
Ronan Guilfoyle, Eithne Hand agus Mark McGrath do RTÉ Radio 1

GRADAIM Ó FHÉILE CHEILTEACH NA SCANNÁN & NA TEILIFÍSE
Gradam Scothchlár Raidió an Cheoil Cheiltigh
A Snail In My Prime
Léirithe ag Seamus Hosey agus Peter Browne do RTÉ Radio 1

Náisiúnta

GRADAIM PPI (PHONOGRAPHIC PERFORMANCE IRELAND)
Stáisiún Náisiúnta na Bliana
Lyric fm

Scothstáisiún na Bliana
Lyric fm

Scothdhráma
Daylight Robbery
scríofa ag Gerry Stembridge agus léirithe ag Eithne Hand
do RTÉ Radio 1

Scothchlár Nuachta
Morning Ireland

Scothchlúdach Spóirt ar Chorn an Domhain FIFA 2002
RTÉ Radio 1

Scothchraoltóir Spóirt na Bliana
Mícheál Ó Muircheartaigh

Scothchraoltóir Cainte na Bliana
Marian Finucane

Scothfhocal Labhartha
Ardtráthnóna do Raidió na Gaeltachta